

A Thuismitheoirí,

Is deacair a chreidiúint go bhfuil bliain scoile eile ag teacht chun deiridh - cá ndeachaigh an t-am? Bhí an-bhliain scoile againn arís i mbliana buíochas le Dia agus Samhradh álainn os ár gcomhair, le cúnamh Dé! Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl dóibh siúd ar fad a chuidigh leis an scoil i rith na bliana. **Mo chomhúinteoirí**, Tomás Mac Uileagóid, Niamh Ní Dhúill, Bernie Ní Ruadaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máirín Ní Dhubhthaigh, Cormac Chambers, Fiona Ní Chléirigh, Máire Mhic Gabhann, Máire Cáit Ní Dhubhgáin, Eavan Ní Mhuirgheasa, Úna Ní Fhlatharta, Sadhbh Ní Fhloinn, Ailín Ní Dhomhnaill & Aoife Ní Chearnaigh. Buíochas le Maria Uí Riain CRS, lenár rúnaithe Anne Uí Chathmhaoil & Margaret Uí Ruairc, ár múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh agus ár n-airíoch Liam Ryder. Buíochas le Lorcán Mac Gabhann agus **an Bord Bainistíochta, Coiste na dTuismitheoirí** agus na tuismitheoirí eile ar fad a d'oibrigh ar son na scoile i rith na bliana.

Tá an scoil ag fás agus ag forbairt go tapaigh agus an bhliain seo chugainn beidh suas le 330 dalta & 14 múinteoir lán-aimsearthasa scoil. Cé chreidfeadh é i 1995 nuair nach raibh sa scoil ach múinteoir amháin agus 20 dalta!

It's hard to believe that yet another school year has come to an end - where has the time gone? We had another great year and hopefully with the help of God, a great summer ahead! I would like to avail of this opportunity to thank some of the people who have helped the school throughout the year. **My colleagues** Tomás Mac Uileagóid, Niamh Ní Dhúill, Bernie Ní Ruadaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh, Máirín Ní Dhubhthaigh, Cormac Chambers Fiona Ní Chléirigh, Máire Mhic Gabhann, Máire Cáit Ní Dhubhgáin Eavan Ní Mhuirgheasa, Úna Ní Fhlatharta, Sadhbh Ní Fhloinn, Ailín Ní Dhomhnaill & Aoife Ní Chearnaigh. Thanks to Maria Uí Riain SNA, our rúnaithe Anne Uí Chathmhaoil & Margaret Uí Ruairc, our múinteoir rince Nuala Ní Eochaidh & our caretaker Liam Ryder. 'Buíochas' also to Lorcán Mac Gabhann and the **Board of Management, Coiste na dTuismitheoirí** and all those parents who helped in many different ways throughout the year.

The school is growing and developing quickly and next year we will have up to 330 pupils and a staff of 14 full time teachers in the school. Who would have believed that back in 1995 when the school consisted of 1 teacher and 20 pupils!

Lá Spóirt : Sports Day

An Déardaoin seo : This Thursday

le cead na haimsire! : weather permitting!

Ní bheidh cead *parcála* ag éinne ar láthar na scoile ó 9.05am ar aghaidh. Dúnfar na príomh gheataí isteach & amach agus fágfar dúnta iad go deireadh an lae. Tugtar cuireadh do thuismitheoirí freastal óna 1pm ar aghaidh.

There will be no parking in the school grounds from 9.05am onwards and the main gates in and out of the school will be closed. Parents are invited to attend from 1pm onwards.



San eagrán seo: Inside this issue:

Nóta ón bPríomhoide Buíochas : Thank You	1
Lá Spóirt is Spraoi Sports Day	1
Seó Tallainne Talent Show	2
Éide Scoile School Uniform	2
Tuairiscí Scoile School Reports	2
Díolachán Plandaí & Cístí Plant & Cake Sale	2
Scoil Bhliain 2011/2012 New School Year	2
GaelGore An Cheoldráma	3
Trócaire Lenten Donations	3
Ysgol Gymraeg Morswyn Menai Bridge	4/5
Saoire an tSamhraidh Summer Holidays	5
Leabhar Liostaí Book Lists CD Cór na nÓg	6
Lúthchleasaíocht Athletics	7
Féilire 2011/2012 School Calendar	8

Seó Tallainne : Talent Show



Beidh Craobh Seó Tallainne na scoile ar siúl ar an Luan seo ag teacht an 27 Meitheamh ag a 12.30pm. Daltaí ó R 3 go R 6 a bheidh ag glacadh páirte ann. Beidh míreanna de gach saghas le feiceáil ar an ardán : amhránaíocht aonair, ceol traidisiúnta, taispeántas gleacaíochta, rince, grúpaí pop amhráin, rince gaelach, ceol claisiceach agus alán eile. Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí freastal ar an Seó Tallainne.

The Final of our annual talent show will be held on Monday next the 27th of June when our final acts take to the stage at 12.30pm. Pupils from R3 to R6 will take part with acts including solo singing, traditional music, gymnastics, dance routines, girl bands, irish dancing, classical music and lots more. Parents are most welcome to attend.

Éide Scoile : School Uniform

The Schoolwear House
Unit 3, Páirc Ghnó Bhaile Uí Ógáin
Bóthar Bhaile Uí Ógáin,
B.Á.C. 18.

T: (01) 292 1540
F: (01) 292 1541

E-mail: www.schoolwearhouse.ie

*Ná déan dearmad an t-éide scoile a ordú in am.
Ná fág é go dtí an nóiméad deirneach.*

Don't forget to order your school uniform in good time. Don't leave it until the last minute.

Tuairiscí Scoile : School Reports

Beidh na Tuairiscí Scoile á sheoladh abhaile againn chugaibh go luath an tseachtain seo chugainn le cúnamh Dé. Toisc go raibh go leor deacrachtaí againn leis an bpost anuraidh táimid chun iad a sheoladh abhaile leis na daltaí i mbliana. Cuirfear téacs chugaibh nuair atá siad á sheoladh abhaile le gur féidir libh na málaí scoile a chuardach!

Cuirim i gcuimhne daoibh go gciallaíonn 'go maith' díreach é sin GO MAITH agus go bhfuil sé sin go maith!

We will be sending out the school reports early next week. As postal delivery caused a lot of problems last year we have decided to send them home with the pupils this year. We will send you a text to let you know when we are sending them home so that you can search for them in the bottom of the school bags!

May I remind you that 'go maith' means GOOD and that good is good!

Díolachán Plandaí & Cístí : Plant & Cake Sale

ar son 'The Down's Syndrome Centre'

Míle buíochas leis na tuismitheoirí ar fad a bhácáil cácaí & a d'fhás plandaí don díolachán Plandaí & Cácaí a bhí sa scoil ar an Déardaoin seo chaite an 16 Meitheamh. Buíochas speisialta leis na tuismitheoirí a chuaigh ina bhun freisin.

Bailíodh €1,733 ón díolachán agus rachfaidh an t-airgead sin ag 'The Down's Syndrome Centre' a chuirfidh seirbhísí agus tacaíocht ar fáil do pháistí & do dhaoine fásta le Siondróm Down's.

Míle buíochas to all our parents and pupils who baked cakes and grew plants for our annual Charity Plant & Cake Sale, held in the school on Thursday last the 16th of June. A special thank you to the parents who organised and ran the event.

A total of €1,733 was raised from the sale and that money will go to 'The Down's Syndrome Centre': a centre that will provide services and support for children & adults with Down's Syndrome.

Scoilbhliain Nua

New School Year

2011/2012

Athoscailt na Scoile

School Re-opening

Déardaoin

Thursday

01/09/2011



GAELGORE
AN CHEOLDRÁMA / THE MUSICAL
le Seán Carey & Compántas An Bhéil Binn
MERMAID ARTS CENTRE

21/6/2011 8pm Gaelscoil Uí Chéadaigh
22/6/2011 8pm Gaelscoil Thaobh na Coille
Ticéid ar díol (01) 272 4030
www.mermaidartscentre.ie

Tuilleadh Eolais www.anbealbinn.com
le cabhair ó  Foras na Gaeilge 

Beidh Daltaí R6 ó Ghaelscoil Thaobh na Coille ar an stáite i dteannta le Compántas Drámaíochta an Béal Bhinn in Amharclann an MERMAID i mBrí Chualann ar an gCéadaoin seo an 22 Meitheamh i gCeoldráma úr-nua darbh ainm 'GAELGORE'. Imirt ar an bhfocal 'Gaeilgeoir' is ea teideal an cheoldráma agus má tá aon chosúlacht idir an saothar seo de chuid Colm Ó Foghlú agus saothair eile dá chuid atá feicthe agam roimhe seo is cinnte go mbeidh sár-oíche ar fad ann. Beidh daltaí R5 ag léiriú an Dráma Piobaire Hamelin don uair dheirneach ar an oíche freisin.

Bí cinnte go gceannaíonn tú do thicéadaí roimh réidh ó oifig na dticéad sa Mermaid mar nach bhfuil ach méid áirithe ticéid ar díol agus nach mbeidh sé ar siúl ach an t-aon oíche amháin. DVD : Beidh taifeada profisiúnta den dráma á dhéanamh ar an oíche agus beidh an DVD ar fáil ar €20 - ordú ar oíche na ceolchoirme - nó ar chostas laghdaithe €15 má cuirtear an t-ordú isteach roimh réidh.

GAELGORE – The Musical

Daltaí R6 will take to the stage on Wednesday the 22nd June in the MERMAID Arts Centre in Bray with Compántas Drámaíochta an Béal Bhinn (an Irish Language drama group based in Bray) in a new Musical called GAELGORE. The title, as you have probably worked out is a pun on the word 'Gaeilgeoir' and if any of the other works I have seen by the Director Colm Ó Foghlú are anything to go by this promises to be a wonderful nights entertainment. R5 will also be putting on their play 'Piobaire Hamelin' for the final time before GAELGORE.

Be sure to book your tickets in advance via the Mermaid Ticket Office as there are only a limited number of tickets available and it is on for one night only. DVD : The night's performance will be recorded professionally and a DVD can be ordered on the night of the 22nd at a cost of €20 or at the reduced cost of €15 if it is ordered in advance.

Trócaire : €1793.44

Fuaireamar admháil buíochas ó 'Trócaire' ag gabháil buíochas le tuismitheoirí & le daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille as an €1793.44 a bailíodh sa scoil trí Fheachtas Carghaise 'Trócaire'. Diríonn feachtas carghaise 'Trócaire' ar bhochtanas agus cabhraíonn an t-airgead seo go mór le clannta fíor-bhochta ar fud an domhain.

Tuile Eolais : www.trocaire.org

We received a thank you letter from 'Trócaire' to thank the parents and pupils of Gaelscoil Thaobh na Coille for their most generous Lenten Donation of €1793.44 to Trócaire. Trócaire's Lenten Campaign focuses on poverty and your donation will make a real difference to families throughout the world for whom this is a daily reality.

More Information at ; www.trocaire.org

Le 6 bliana anuas tá cuairt á thabhairt ag daltaí R5 ar dhaltai ar chomh aois leo féin a fhreastalaíonn ar 'Ghaelscoil' Breatnaise i Holyhead sa Bhreatain Bheag. Tugann daltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille cuairt lae ar an mBreatain Bheag agus tagann daltaí Ysgol Gymraeg Morswyn ar cuairt ansin go Gaelscoil Thaobh na Coille.

Cé gur 'Gaeilge' amháin atá ceadaithe ar scoil do dhaltai Ghaelscoil Thaobh na Coille agus 'Breatnaise' amháin atá ceadaithe ar scoil do dhaltai Ysgol Gymraeg Morswyn nuair a thagaimid le chéile go mí-ábharach is i mBéarla a bhíonn ar na páistí caint le chéile! Agus é sin ráite foghlamaíonn an dá ghrúpa an-chuid óna chéile agus feiceann siad go bhfuil daltaí i dtír eile atá ag freastal ar 'ghaelscoil' cosúil leo féin agus nach bhfuil sé sin chomh 'hait' nó chomh 'neamhchoitianta' is a cheapann roinnt daoine. Feiceann siad freisin go bhfuil go leir de na bun luachanna agus na haidhmeanna céanna á chur chun cinn sa dá scoil; béim ar an dteanga, ar an gceol, ar an gcultúr, ar an traidisiún agus gach a bhaineann leí.

Cuid an-tábhachtach go deo den lá is ea an turas báid ó Chaladh Phort Átha Cliath go Caladh Phort Holyhead agus ar ais arís um thráthnóna! Taréis dúinn cuairt a thabhairt ar an scoil, bualadh leis na daltaí, dinnéar a ithe agus tréimhse súgradh a chaitheamh amuigh sa chlós chuamar a thuras bus go dtí Droichead Menai - droichead crochta a tógadh sa bhliain 1826 agus a cheanglaíonn Oileán Anglesey le mór-thír na Breataine Bige. An rud is spéisiúla ar fad faoin droichead seo dar liom, ná gur tógadh é go príomha le go bhféadfadh trádálaithe taisteal go héascaí ó Londain go B.Á.C. Bóthar Bhaile Átha Cliath a thugtaí ar an mbóthar sin fadó!

Tháinig daltaí Ysgol ar cuairt go Gaelscoil Thaobh na Coille ar an Aoine an 10 Meitheamh. Bhuaileamar leo ag Caladh Phort Dhún Laoghaire agus chuamar as sin go Páirc Marlaí. Cheapadar go raibh an clós súgartha ar fheabhas ar fad agus bhí a chroí ina bhéal ag an Múinteoir Medwyn Roberts ón mBreatain Bhig nuair a bhí na daltaí ón scoil s'againne ag dreapadh go barr an líon damhán ala – ní raibh a leithéid de chlós súgartha feicthe acu cheana! Nuair a d'fhillamar ar an scoil chuir an banna ceoil scoile agus daltaí R5 ceolchoirm beag ar siúl do na cuairteoirí.

Buíochas le tuismitheoirí R5 a chuir béile bhreá ar fáil do na daltaí ar an lá agus buíochas freisin le Paul Ó Mathúin agus a chúntóir, Maressa Mhic Dhomhnaill a chuir dinnéar fíor bhlasta agus 'galánta' ar fáil do na múinteoirí!



Ceiliúradh Chinn Chúrsa R6 : 6th Class Graduation

Tuismitheoirí R6 : Beidh Ceiliúradh Chinn Chúrsa R6 ar siúl oíche Céadaoine an 29 Meitheamh. Muna bhfuil RSVP déanta agat cheana féin ar mhiste leat teagmháil a dhéanamh leis an oifig le cur in iúl dúinn an mbeidh tú i láthair. Tá uimhreacha cinnte ag teastáil roimh dheireadh na seachtaine.

6th Class Parents : R6's Graduation Ceremony takes place on Wednesday evening the 29th of June. If you have not already RSVP'd could you please contact the secretaries' office to let them know whether or not you will be in attendance. We need final numbers by the end of the week.

Earraí Cailte : Lost Property

Seiceáil an bosca earraí cailte agus na crúcaí cótaí d'aon chuid den éide scoile nó cótaí/hataí etc. atá 'cailte' ag do pháiste.

Please check lost property bin & coat hangers for any items of the school uniform or coats/hats that your child has 'lost'.

Saoire an tSamhraidh

*Beidh an scoil ag dúnadh do laethanta saoire
an tSamhraidh ar an*
DÉARDAOIN 30
ag **12.00** a chlog

Summer Holidays

The school will close for the summer
holidays on
THURSDAY 30th
at **12.00** o'clock

**The MENAI SUSPENSION BRIDGE**

(Welsh: *Pont Grog y Borth*)

is a [suspension bridge](#) between the island of [Anglesey](#) and the mainland of [Wales](#). Designed by [Thomas Telford](#) and completed in 1826, it is one of the first modern suspension bridges in the world.

Ysgol Gymraeg Morswyn : Holyhead, Wales

Since 2005 the pupils in R5 have been visiting pupils of a similar age who attend a welsh speaking 'Gaelscoil' in Holyhead in Wales. The pupils from Gaelscoil Thaobh na Coille take a day trip to Wales and the pupils from Ysgol Gymraeg Morwsyn make a return trip to Gaelscoil Thaobh na Coille.

Although our no. 1 rule in Gaelscoil Thaobh na Coille is that the pupils only speak 'as Gaeilge' and the no.1 rule in Ysgol Gymraeg Morswyn is that their pupils speak only in Welsh the unfortunate thing is that when the two school come together the children have no choice but to communicate 'as Béarla!' Having said that both groups learn a lot from each other and the experience. They see that there are children in other countries who attend 'gaelscoileanna' like themselves and that it is not as odd or unusual, as some people see it. They also see that there are many similarities between the two schools but particularly the emphasis that is placed on our native language, music, culture, traditions and all that goes with it.

The trip by ferry from Dublin Port to Holyhead and back again is one of the highlights of the trip! After visiting the school, meeting with the children, having dinner and playing in the playground we were brought on a short bus trip to the Menai Bridge – A suspension bridge that connects the Island of Anglesey to the Welsh mainland. For me one of the most interesting things about this bridge is that it was built primarily to enable traders to travel from London to Dublin to do business! The road was called the 'Dublin Rd.!'

The pupils from Ysgol Gymraeg visited Gaelscoil Thaobh na Coille on Friday the 10th of June. We met them as they disembarked the ferry at Dun Laoghaire and headed straight to Marley Park. They thought the playground was amazing and one of their teachers Mr. Medwyn Roberts was on tender hooks as our pupils climbed with ease to the top of the spider's web – they had never seen a playground of its kind before! On returning to the school R5 and the school band put on a short concert for our Welsh visitors.

Buíochas to the parents of R5 who organised a lovely meal for the children and buíochas also to Paul Ó Mathúin and his 'apprentice' Maressa Mhic Dhomhnaill who served up a fabulously delicious meal for the teachers.

Tá Leabhar Liostaí na bliana seo chugainn le bheith istigh roimh amárach (Dé Céadaoin an 22u)
NÍ GHLACFAR LE hORDÚ I nDIAIDH NA LAETHANNTA SEO




SCÉIM IASACHTA LEABHAIR: Tá scéimeanna iasachta leabhar i bhfeidhm againn sa scoil le blianta anuas do na leabhair léitheoireachta Gaeilge agus do na leabhair léitheoireachta Béarla (N2 go R2). I mbliana le costais a isliú daoibh tá scéim iasachta á chur i bhfeidhm againn freisin don Leabhar Timpeall an Domhan i R4, R5 & R6. Tá costas €14.95 nó €13.95 ar an leabhar seo as an nua agus beimid á chur ar fáil ar iasacht ón scoil ar €5. Má tá an leabhar agat cheana féin (ó dheartháir nó deirfiúr níos sine) ní bheidh an €5 len íoc agat. Ní bheidh an leabhar saothar a ghabhann leis an leabhar á úsáid againn mar a bhí cheana.

Next year's Booklists are to be returned to the school before tomorrow (Wednesday the 22nd June).

NO ORDERS WILL BE ACCEPTED AFTER THAT.

BOOK RENTAL SCHEMES: We have a book rental scheme in operation in the school for many years now for the Irish Readers and the English Readers (N2 to R2) and this year to try to reduce costs we are introducing a rental scheme for Timpeall an Domhan in R4, R5 & R6. These books cost €14.95 or €13.95 new and they will now be available on loan from the school for €5. If you already have the book (because an older brother or sister had it) you do not have to pay the €5 rental fee. We will not be using the workbook that accompanies this textbook.



Cór Náisiúnta na nÓg

National Children's Choir

Mar eolas do dhaltáí R5/R6

Tá taifead Ceolchoirm Cór Náisiúnta na nÓg sa Cheoláras Náisiúnta beagnach críochnaithe agus beidh an CD ar fáil go luath. Glacfar le hordaithe don CD roimh dheireadh na seachtaine agus dáilfear iad a thúsce is a bhíonn siad réidh (i rith an tSamhraidh déarfainn). Costas €10 atá ar an CD

A recording of this year's National Children's Choir Concert in the National Concert Hall is at the final stages of production and will be available soon. Orders will be taken over the next few days and CD's distributed when they arrive (probably during the summer holidays). The CD costs €10

Árachas Timpiste Pearsanta

Pupil Personal Accident Insurance

Molaimid go mór do thuismitheoirí clúdach árachais timpiste pearsanta a ghlacadh dá bpáistí faoi scéim Árachas Timpiste Pearsanta do Dhaltáí de chuid ALLIANZ. Tá an clúdach árachais seo iomlán roghnach ach is féidir clúdach árachais timpiste 24 uair a chloig a fháil ar €8 don bhliain (€5 ar chlúdach i rith am scoile amháin).

Cuirfear tuile eolais agus foirmeacha iarratais faoi seo amach chugaibh ag tús na scoil bhliana nua.

We strongly recommend that parents take out personal accident insurance for the children with ALLIANZ's Pupil Personal Accident Insurance scheme. Although this insurance cover is totally voluntary you can get 24 hour accident insurance cover for your child for €8 for the year (€5 for cover during school hours only).



More information and application forms will be sent out to you at the end of the summer.



Comhghairdeachas le foireann lúthchleasaíochta na scoile a ghlac páirt 'sna himeachtaí páirce i Seantraibh ag tús na míosa. Thángthadar abhaile le slam mór boinn agus táimid an-bhródúil astu.

Bhain Stefanie Déiseach an 1st áit amach sa rás 500m Faoi 12, Fiachra Ó Súilleabháin an 2nd áit amach sa rás 500m Faoi 12, Alan de Londras sa 3^ú háit sa shot Putt, Tomás Ó Néill sa 1st áit sa rás 60m Faoi 11 agus an 4^ú háit buaite ag foireann sealaíochta Faoi 10 na gcailíní le Ciara Ní Dhonaile, Niamh de Satúin, Suzy Ní Cheallacháin, Cara Ní Bhroin & Molly Ní Chuinneagáin (ionadaí).



Maith sibh ar fad agus buíochas speisialta leis an Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh & an Múinteoir Maoilíosa Ó Dúbhthaigh a rinne treanáil libh roimh ré.

Congratulations to the school's athletic's team who participated recently in the field events in Santry Stadium. The team brought home a bunch of medals, and we are very proud of them.

Stefanie Déiseach came 1st in the 500m UI2s, Fiachra Ó Súilleabháin came 2nd in the 500m UI2s, Alan de Londras finished 3rd in the Shot Putt, Tomás Ó Néill came 1st in the 60m UI0s and the UI0s girls relay team of Ciara Ní Dhonaile, Niamh de Satúin, Suzy Ní Cheallacháin, Cara Ní Bhroin & Molly Ní Chuinneagáin (sub) came in 4th.

Congratulations to all and a big thank you to an Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh & an Múinteoir Maoilíosa Ó Dúbhthaigh for training you for the event.



Lúthchleasaíthe na Scoile



Gaelscoil Thaobh na Coille 2011-2012

Féilire Scoile : School Calendar



Iúil 2011						
L	M	C	D	A	S	D
					1	2
4	5	6	7	8	9	10
11	12	13	14	15	16	17
18	19	20	21	22	23	24
25	26	27	28	29	30	31

Meán Fómhair 2011						
L	M	C	D	A	S	D
			1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30		

Eanáir 2012						
L	M	C	D	A	S	D
						1
2	3	4	5	6	7	8
9	10	11	12	13	14	15
16	17	18	19	20	21	22
23	24	25	26	27	28	29
30	31					

Bealtaine 2012						
L	M	C	D	A	S	D
			1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	

Lá saoire : Holiday

Lúnasa 2011						
L	M	C	D	A	S	D
1	2	3	4	5	6	7
8	9	10	11	12	13	14
15	16	17	18	19	20	21
22	23	24	25	26	27	28
29	30	31				

Nollaig 2011						
M	Tu	W	Th	F	Sa	Su
			1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	

Aibreán 2012						
L	M	C	D	A	S	D
						1
2	3	4	5	6	7	8
9	10	11	12	13	14	15
16	17	18	19	20	21	22
23	24	25	26	27	28	29
30						

Lúnasa 2012						
L	M	C	D	A	S	D
			1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	

Saoire Poiblí : Public Holiday

Laethanta Saoire

T1

Lá Oscalte : First Day

Déardaoin 1 MFómhair

Thurs 1 September

Briseadh Meán Téarma T1

Mid-term Break Term 1

31/10/11 - 4/11/11

Saoire na Nollag

Dúnadh Déard 22 Nollaig

Ath-oscailt Luan 9 Eanáir

Christmas Holidays

Close Thursday 22 Dec

Re-open Monday 9th Jan

T2

Briseadh Meán Téarma T2

Mid-term Break Term 2

16/02/2012 - 17/02/2012

Lá Saoire & Saoire Poiblí

1 Holiday & Public Holiday

16 & 19 Márta 2012

Saoire na Cásca

Dúnadh Aoine 30 Márta

Ath-oscailt Luan 16 Aibreán

Easter Holidays

Close Friday 30th March

Re-open Monday 16th April

T3

Saoire Poiblí : Public Holiday

7 Bealtaine : 7 May

Lá Saoire & Saoire Poiblí

1 Holiday & Public Holiday

1 & 4 Meitheamh

Saoire an tSamhraidh

Dúnadh Déardaoin 28 Meith

Summer Holidays

Close Thursday 28 June

20/06/2011